

## Financial Guideline 2018/2019 - 23

### Community & Comprehensive Schools and Voluntary Secondary Schools

#### Electronic Banking

Electronic banking allows the school to keep up to date on its bank account(s) activity by viewing balances and accessing transaction history online including deposit accounts and credit cards. The online banking system has the added benefit of enabling schools to export and import data to and from their accountancy systems.

#### Authorisation

The decision to implement an Electronic Banking System must be made by the board of management. This decision must be approved and noted in the boards' minutes. Once the decision to implement an Electronic Banking System has been taken, the board must ensure that an Electronic Banking policy is implemented as part of the schools' internal control procedures.

#### Internal control procedures

This document must clearly outline the use of Electronic Banking within the school, with clear instructions in relation to the following:

1. Bank accounts to be accessed on Electronic Banking.
2. Names of authorised users.
3. Users access to functions of the system by individual users e.g. view only, print only, authorise payments, add new accounts, delete accounts, set up standing orders / direct debits etc.
4. All payments must ultimately be authorised by the Principal and one other nominated by the board within the existing current account mandate in line with the controls in place for making payments by cheque.
5. The inclusion of new bank accounts onto the system and the deletion of old accounts from the system must also be approved by the board in a similar manner.
6. Thresholds regarding Euro value of transactions per day / week / month / per authorised user, should be approved by the board and set at a realistic level having regard to the average recurring payroll costs.
7. Security controls regarding access to the system and passwords must be set out.

## **Security**

The Electronic Banking policy should be reviewed and, where appropriate, updated at least once a year. The results of this review should be approved and noted in the minutes of the board.

- All passwords / user names / codes must not be stored within the office environment.
- Passwords / user names / codes should be confidential; therefore they must never be shared between individual users. They should be unique and individual to named authorised users of the Electronic Banking System
- Any separate handheld electronic devices that form part of the banking system (i.e. merchant bank terminals) should be securely stored under lock and key.

## **Segregation of duties**

It is vital to ensure the segregation of duties when using an Electronic Banking System.

The Electronic Banking policy should detail the users responsible for different elements of the functions used on the system.

For example, one user may input a payment on the system and a different user/s may authorise the payment. Before payments are processed, it is the responsibility of those authorised individuals to ensure adequate checks have been made and payments are transferred to the correct bank accounts, in line with the Electronic Banking policy.

In line with good financial practice, the person preparing the payment should not be one of the approvers on the payment.

## **Bank feeds and Bank Reconciliations**

Bank account reconciliations can be assisted by availing of bank feeds. Bank feeds allow the school to link its online bank account (s) directly to the school's internal accounting system, so your banking transactions are automatically imported into your accounts. This reduces administration time and streamlines the bank reconciliations.

*Further information or clarification on any of the issues raised in this Guideline can be obtained from the FSSU.*

Tel: 01-269 0677

[info@fssu.ie](mailto:info@fssu.ie)

11<sup>th</sup> December 2019

## Treoiríne Airgeadais 2018/2019 - 23

### Pobalscoileanna, Scoileanna Cuimsitheacha agus Meánscoileanna Deonacha

## Ríomhbhaincéireacht

Ligeann an ríomhbhaincéireacht do scoileanna a bheith suas chun dáta faoin ngníomhaíocht ar a gcontais bhainc, mar go ligtear dóibh amharc ar iarmhéideanna agus ar a stair idirbheart ar líne, lena n-áirítear cuntas taisce agus cártaí creidmheasa. An buntáiste eile atá ag an gcóras baincéireacht ar líne ná go gcuireann sé ar chumas scoileanna sonraí a easpórtáil agus a iompórtáil óna gcórais chuntasaíochta agus ar ais chucu.

### Údarú

Is é an Bord Bainistíochta a chaithfidh cinneadh a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm córais ríomhbhaincéireachta. Is gá go mbeadh an cinneadh sin ceadaithe agus nóta déanta de i miontuairisci an Bhoird. A luaithe atá cinneadh déanta go gcuirfear Córas Ríomhbhaincéireachta i bhfeidhm, is gá don Bhord a chinntíú go gcuirfear beartas Ríomhbhaincéireachta i bhfeidhm mar chuid de nósanna imeachta na scoile maidir le rialú inmheánach.

### Nósanna Imeachta um Rialú Inmheánach

Is gá go leagfaí amach go soiléir sa doiciméad sin conas a úsáidtear an Ríomhbhaincéireacht sa scoil, agus go mbeadh treoracha soiléire ann maidir leis an méid seo a leanas:

1. Na cuntas bhainc a mbeidh rochtain orthu sa chóras Ríomhbhaincéireachta.
2. Ainmneacha na n-úsáideoirí údaraithe.
3. An cineál rochtana atá ag úsáideoirí aonair ar fheidhmeanna an chórais, m.sh. amharc amháin, prioritáil amháin, údaraigh íocaíochtaí, cuir cuntas nua leis, scrios cuntas, cumraigh buanorduithe / dochair dhíreacha srl.
4. Ar deireadh, is gá go mbeadh gach íocaíocht údaraithe ag an bPríomhoide agus ag duine amháin eile arna (h)ainmniú ag an mBord laistigh de shainordú reatha an chuntas reatha, de réir na rialuite atá i bhfeidhm chun íocaíochtaí a dhéanamh le seic.
5. Ní mór don Bhord cuimsíú cuntas bainc nua sa chóras agus baint seanchuntas den chóras a cheadú ar an gcaoi chéanna.
6. I gcás tairseacha i ndáil leis an luach euro a bhaineann le hidirbhearta in aghaidh an lae / na seachtaine / na míosa / an úsáideora údaraithe, ní foláir go ndéanfadh an Bord iad a cheadú agus a shocrú ag leibhéal réadúil, agus na meánchostais phárola fhéiltiúla á gcur san áireamh.

7. Ní mór go leagfaí amach rialuithe slándála maidir le rochtain ar an gcóras agus maidir le pasfhocail.

## Slándáil

Ba cheart go ndéanfaí athbhreithniú agus, áit ar cuí, nuashonrú ar an mbeartas Ríomhbhaincéireachta uair sa bhliain ar a laghad. Moltar torthaí an athbhreithnithe sin a cheadú agus nóta a dhéanamh díobh i miontuairiscí an Bhoird.

- Ní ceart go ndéanfaí aon phasfhocail / ainmneacha úsáideora / coid a stóráil i dtimpeallacht na hoifige.
- Ba chóir go mbeadh rúndacht ag baint le pasfhocail / ainmneacha úsáideora / coid, agus ar an ábhar sin, nach roinnfí riamh iad idir úsáideoirí aonair. Ba cheart go mbeidís uathúil agus go mbainfidís go sonrach le húsáideoirí údaraithe ar leith an Chórais Ríomhbhaincéireachta
- Aon ghléasanna láimhe leictreonacha faoi leith atá ina gcuid den chóras baincéireachta (is é sin, teirminéil bhainc mharsantaigh), ba cheart iad a stóráil faoi għlas.

## Dealú dualgas

Tá sé ríthábhachtach go gcloíffí le dealú sainchúraimí nuair atá Córás Ríomhbhaincéireachta in úsáid.

Ba chóir go mbeadh sonrai sa bheartas Ríomhbhaincéireachta faoi na húsáideoirí atá freagrach as gnéithe éagsúla de na feidhmeanna a úsáidtear sa chóras.

Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh úsáideoir amháin freagrach as íocaíocht a ionchur sa chóras, agus go mbeadh úsáideoir difriúil freagrach as an íocaíocht a údarú. Sula ndéantar íocaíochtaí a phróiseáil, tá de fhreagracht ar na daoine údaraithe sin a chinntiú go ndearnadh seiceálacha leordhóthanacha agus gur aistríodh na híocaíochtaí chuig na cuntais bhainc chearta, de réir an bheartais Ríomhbhaincéireachta. I gcomhréir leis an dea-chleachtas airgeadais, níor cheart don duine a réitíonn an íocaíocht a bheith ar dhuine díobh siúd a dhéanann an íocaíocht a cheadú.

## Fothaí Bainc agus Imréitigh Bhainc

Is féidir fothaí bainc a úsáid chun tacú le himréitigh bhainc. Cuireann fothaí bainc ar chumas na scoile a gcuntas bainc nó cuntais bhainc ar líne a nascadh go díreach le córas cuntasáiochta inmheánach na scoile, ionas go ndéanfar d'idirbhearta bainc a iompórtáil isteach i do chuntas go huathoibríoch. Laghdaíonn sin an méid ama a chaitear ar riarrachán agus bíonn na himréitigh bhainc cuíchóirithe dá bharr.

*Is féidir tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheann de na saincheisteanna sa Treoirílíne seo ach dul i dteagmháil le FSSU.*

Guthán: 01-269 0677

[info@fssu.ie](mailto:info@fssu.ie)

An 11 Nollaig 2019